2025.S24T

2025J004C1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú Deiridh na Sraithe Sóisearaí, 2025

# Stair

## Comhleibhéal

## Dé hAoine 6 Meitheamh Maidin 9:30 – 11:30

360 marc

**Scrúduimhir**

**Dáta Breithe** / /

Scríobh 3 Feabhra 2005 mar 03 02 05, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

## Treoracha

Scríobh do scrúduimhir agus do dháta breithe sna boscaí ar an gclúdach tosaigh.

Tá **ocht** gceist ar an bpáipéar seo.

Freagair **gach** ceist.

Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh.

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ar fáil sa leabhrán seo.  Tá spás le haghaidh obair bhreise i gcúl an leabhráin.  Lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

Déanfar an leabhrán scrúdaithe seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora.  Féadfaidh sé nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

Pleanáil roghnach nó sracobair:

**Ceist 1**

Baineann an cheist seo le cartlanna agus le hobair an chartlannaí. Léigh na foinsí agus freagair na ceisteanna ina ndiaidh.

**Foinse 1:** Eolas as caint a thug an cartlannaí Lisa Shortall, Cartlann Uíbh Fhailí.




- I gcartlanna, bíonn taifid atá uathúil, nach féidir a athsholáthar agus a bhfuil luach fadtéarmach leo.
- Agus na dálaí stórála i gceart, déantar taifid chartlainne a chosaint ar thine, taise, solas agus teas.
- Déanann an cartlannaí doiciméid a thagann isteach a ghlanadh agus a shórtáil, agus baineann amach earraí a dhéanann dochar do dhoiciméid amhail bandaí leaisteacha, stáplaí agus fáiscíní páipéir.
- Uaireanta, bíonn doiciméid damáistithe agus bíonn sainchaomhnú de dhíth orthu.
- Déantar cartlanna a chlárú agus cuirtear isteach i bhfillteáin agus i mboscaí iad atá saor ó aigéad. Tugann an cartlannaí cur síos ar gach mír díobh agus cód tagartha sa chatalóg.
- Féachann staraithe ar an gcatalóg agus iarrann siad comhaid le tabhairt chuig an seomra léitheoireachta. Cuireann an cartlannaí na comhaid ar ais sa stóras nuair a bhíonn an staraí críochnaithe leo.

**(a)** Cén fáth a bhfuil tábhacht leis na taifid a choinnítear i gcartlanna, de réir **Fhoinse 1**?

**(b)** Ó **Fhoinse 1**, conas is féidir damáiste a dhéanamh d’ábhair chartlainne?

**(c)** Ón léaráid, céard é an seoladh gréasáin atá ag Cartlann Uíbh Fhailí?

**Foinse 2:** Grianghraif ó Chartlann Uíbh Fhailí.




**Grianghraf 1**




**Grianghraf 2**




**Grianghraf 3**



**Grianghraf 4**




**Grianghraf 5**




**Grianghraf 6**

**(d)** Ag baint úsáid duit as **Foinse 1**, mínigh an chaoi a mbaineann **trí cinn** de na grianghraif thuas le hobair i gcartlann. (Tugtar sampla.)

| |
|---|
| Uimhir an ghrianghraif ( 5 ): Doiciméad i bhfillteán saor ó aigéad. |
| |
| Uimhir an ghrianghraif ( ): |
| |
| Uimhir an ghrianghraif ( ): |
| |
| Uimhir an ghrianghraif ( ): |
| |

**Foinse 3:** Sliocht as doiciméad i gCartlann Uíbh Fhailí a thaispeánann rún a ritheadh ag cruinniú de Chomhairle Ceantair Uirbigh Thulach Mhór i mí na Bealtaine 1916.



| | |
|---|---|
| Disturbances in Dublin | The Chairman having referred to the disturbances in Dublin during Easter week, proposes the following Resolution:- "That this Council desires to record their condemnation of the recent deplorable outbreak in Dublin, which they believe to be grossly detrimental to the real Political |

Leagan Gaeilge den tras-scríbhinn ar an doiciméad:

| | |
|---|---|
| *Clampar i mBaile Átha Cliath* | *Tar éis don Chathaoirleach tagairt a dhéanamh don chlampar a tharla i mBaile Átha Cliath le linn sheachtain na Cásca, molann sé an rún seo a leanas: - "Gur mian leis an gComhairle seo a chlárú go gcáineann siad go géar an clampar náireach a tharla i mBaile Átha Cliath le déanaí, agus creideann siad go ndéanfaidh sé dochar mór don fhíor[...] Pholaitiúil*<br>Scríofa trasna an rúin: *Curtha ar ceal, PJ Egan, 1/9/20* |

**(e)** Cén uair a ritheadh an rún i bh**Foinse 3** agus cén uair a cuireadh ar ceal é?

| Ritheadh: | Cuireadh ar ceal: |
|---|---|

**(f)** Ainmnigh an t-imeacht i stair na hÉireann a phléigh comhairleoirí bhaile Thulach Mhór i mí na Bealtaine 1916.

| |
|---|
| |

**(g)** Ag baint úsáid duit as **Foinse 3,** cad a d'fhéadfadh staraí a fhoghlaim faoi athruithe i ndearcadh daoine i leith an imeachta sin ón doiciméad?

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 2**

Freagair na ceisteanna seo a leanas a bhaineann leis an Reifirméisean san Eoraip.

**(a)** Cad is brí leis an téarma 'Reifirméisean'?

| |
|---|
| |
| |
| |

**(b)** Cad is brí le 'cúis' agus 'iarmhairt' maidir le himeachtaí sa stair?

| |
|---|
| Cúis: |
| |
| |
| Iarmhairt: |
| |
| |

**(c)** Maidir leis na ráitis seo a leanas, an cúiseanna nó iarmhairtí iad i gcás an Reifirméisin sa 16ú haois san Eoraip? Cuir isteach tic (✓) sa bhosca ceart thíos.

| | **Cúis** | **Iarmhairt** |
|---|---|---|
| Bhí mí-úsáid ar siúl san Eaglais Chaitliceach. | | |
| Bhris cogaí creidimh amach san Eoraip. | | |
| Bhí fearg ar roinnt leasaitheoirí mar gur díoladh loghanna. | | |
| Rinne Caitlicigh agus Protastúnaigh géarleanúint ar a chéile. | | |
| Leasaigh Comhairle Trento an Eaglais Chaitliceach. | | |
| Scaip smaointe creidimh nua de bharr úsáid an chlóphreasa. | | |

**(d)** Ainmnigh an leasaitheoir creidimh ar a ndearna tú staidéar mar chuid de chúrsa Staire na Sraithe Sóisearaí.

| |
|---|
| |

**(e)** Luaigh **trí** phrionsabal creidimh a luaitear leis an leasaitheoir sin.

| |
|---|
| 1. |
| |
| |
| 2. |
| |
| |
| 3. |
| |
| |

**(f)** Mínigh trí **ghníomh** a rinne an leasaitheoir sin chun athrú creidimh a chur i bhfeidhm.

| |
|---|
| 1. |
| |
| |
| 2. |
| |
| |
| 3. |
| |
| |

**Ceist 3**

Chuidigh Sir Arthur Chichester plandáil Uladh a chur ar bun. Déan staidéar ar na foinsí agus freagair na ceisteanna ina ndiaidh.

**Foinse 1**: Sliocht as tuairisc a scríobh Chichester in 1613 ag cur síos ar dhul chun cinn na plandála.

> Leanann na gealltóirí [plandálaithe] ar aghaidh go mall le hobair na plandála. Tá siad ag saothrú ar mhaithe le brabús a dhéanamh ón talamh in ionad foirgnimh agus bábhúin [clóis agus ballaí mórthimpeall orthu] dhaingne a thógáil. Tá roinnt fir uaisle tar éis tosú ar thithe cloiche a thógáil, ach is beag teach díobh atá críochnaithe.
>
> Idir an dá linn, tá na gealltóirí ina gcónaí i dtithe laga ceann tuí, gan iad réidh lena gcosaint má dhéantar ionsaí orthu. Ní sna bailte atá cónaí orthu, mar a ordaíodh dóibh a dhéanamh, ach iad ina gcónaí scaipthe soir siar ar fud a gcuid eastát. Dhéanfadh muintir Uladh scornach na ngealltóirí a ghearradh dá mbeadh airm agus muinisean acu le dul i mbun cogaidh.


**(a)** Cad a bhí Chichester ag iarraidh ar na gealltóirí a thógáil?

**(b)** Cén obair a bhí ar siúl ag na gealltóirí ina ionad sin, de réir Chichester?

**(c)** Tabhair **dhá** chúis a bhféadfaí ionsaí a dhéanamh go héasca ar na gealltóirí, dar le Chichester.

**(d)** Cad a chuir bac ar mhuintir Uladh ionsaí a dhéanamh ar na gealltóirí?

**Foinse 2:** Léarscáil, a tarraingíodh in 1622, de Chill Ria, sráidbhaile plandála i gCo. Dhoire.




**(e)** Tá cúig litir, A, B, C, D agus E curtha isteach in aice le gnéithe ar an léarscáil.
Rinneadh an litir D ón léarscáil a mheaitseáil le gné sa tábla thíos.
Meaitseáil A, B, C agus E leis na gnéithe eile atá liostaithe sa tábla thíos.

| **Gné** | **Litir** |
|---|---|
| Muileann sábhadóireachta a fhaigheann cumhacht ón uisce | |
| An fhoraois atá mórthimpeall | |
| Teach beag ceann tuí | **D** |
| Teach daingean agus bábhún | |
| Teach cloiche a bhfuil fráma adhmaid aige | |

**(f)** Léigh **Foinse 1** arís. Cad iad na gnéithe a thaitneodh le Chichester, b'fhéidir, i sráidbhaile Chill Ria mar a thaispeántar i bh**Foinse 2** é agus cad iad na gnéithe nach dtaitneodh leis ann, b'fhéidir? Mínigh do fhreagra.

| |
|---|
| Thaitneodh: |
| |
| |
| Ní thaitneodh: |
| |
| |

**(g)** Ainmnigh an phlandáil a ndearna tú staidéar uirthi i gcúrsa Staire na Sraithe Sóisearaí, agus ainmnigh an Rí nó an Bhanríon a d'ordaigh an phlandáil sin a dhéanamh.

| |
|---|
| Ainm na plandála: |
| Ainm an Rí nó na Banríona: |

**(h)** Déan cur síos ar **dhá** bhealach ar chuir an phlandáil sin leis an athrú in Éirinn.

| |
|---|
| 1. |
| |
| |
| |
| |
| |
| 2. |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 4**

Sa líníocht thíos cuirtear an saol sa Fhrainc i gcodarsnacht leis an saol i Sasana tráth Réabhlóid na Fraince. Scrúdaigh an líníocht go cúramach agus freagair na ceisteanna ina diaidh.

**Foinse 1**: *Sonas na Fraince, Anró Shasana,* le Isaac Cruikshank, 1793.




**(a)** Deán cur síos ar **dhá** phointe codarsnachta idir an saol sa Fhrainc agus an saol i Sasana, de réir an ealaíontóra i **bhFoinse 1**? (Tugtar sampla.)

| |
|---|
| An cat: tá an chuma ar chat na Fraince gur cailleadh leis an ocras é ach |
| tá cat Shasana beo, beathaithe agus tá luchóg faighte aige. |
| 1. |
| |
| |
| 2. |
| |
| |

**(b)** Cén teachtaireacht, dar leat, a theastaigh ón ealaíontóir a thabhairt don lucht féachana a bhí aige i Sasana faoi Réabhlóid na Fraince? Bain úsáid as fianaise as **Foinse 1** chun tacú le do fhreagra.

**(c)** Ainmnigh réabhlóid san Eoraip nó sa domhan mór (**ní** in Éirinn) a ndearna tú staidéar uirthi mar chuid de chúrsa Staire na Sraithe Sóisearaí.

**(d)** Mínigh **trí** chúis a bhí leis an réabhlóid a ndearna tú staidéar uirthi.

1.

2.

3.

**(e)** Ainmnigh duine amháin a bhí páirteach sa réabhlóid sin agus déan cur síos gairid ar an ról a bhí aige/aici sa réabhlóid.

| Ainm: |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**(f)** An dóigh leat go raibh tionchar dearfach agus/nó diúltach ag an réabhlóid sin ar an tír inar tharla an réabhlóid? Cuir tic (✓) le **ceann amháin** díobh seo a leanas.

Dearfach ☐ Diúltach ☐ Dearfach agus diúltach ☐

Tabhair fáthanna le do fhreagra bunaithe ar imeachtaí a tharla le linn na réabhlóide agus/nó ar an tionchar fadtéarmach a bhí ag an réabhlóid.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 5**

Chuaigh na milliúin Éireannach ar imirce le linn na 1800idí. Féach ar na foinsí agus freagair na ceisteanna ina ndiaidh.

**Foinse 1:** Sliocht as litir ó Mary Garvey, imirceach as Éirinn in New Jersey, SAM, chuig a máthair in Éirinn, 25 Deireadh Fómhair, 1850.

> Tá an-imní orm fút ar eagla go bhfuil tú tinn nó básaithe nó go mb'fhéidir go bhfuil tú ag fulaingt cheal chompoird an tsaoil. Tá mé chun ceithre phunt [£4] a sheoladh abhaile chugat agus tá súil agam nach mbeidh tú gann ar aon rud riachtanach.
>
> Is fearr liom go mór a bheith sa tír seo ná in Éirinn, mar is bocht an áit í Éire. Tá súil agam go bhfágfaidh tú an tír stiúgtha sin agus go dtiocfaidh tú anall anseo san earrach. Tá mé sona anois ach bheinn níos sona fós dá mbeifeása i mo chuideachta anseo. Tá mé tar éis a bheith an-uaigneach mar nach bhfaca mé duine ar bith a bhí ar m'aithne.
>
> Tá mé i mo chónaí in Hightstown le R.M. Smith. Tá clann mhór aige agus tá sé i mbun óstáin. Faighim cúig dhollar sa mhí – sin dhá dhollar níos mó ná mar a fuair mé san áit eile.

**(a)** Ainmnigh an t-imeacht i stair na hÉireann a thug ar an-chuid daoine Éire a fhágáil sna 1840idí.

| |
|---|
| |

**(b)** Cad faoin saol i Meiriceá, i gcás Mary Garvey, atá dearfach agus cad atá diúltach?
Bain úsáid as fianaise as **Foinse 1** chun tacú le do fhreagra.

| |
|---|
| Dearfach: |
| |
| |
| |
| Diúltach: |
| |
| |
| |

**Foinse 2:** *Scéala ó Mheiriceá* le James Brenan, 1875, Dánlann Crawford, Corcaigh.



**(c)** Cad a insíonn an pictiúr i bh**Foinse 2** dúinn faoin saol in Éirinn ag an am sin?

**(d)** Cad is brí leis an téarma 'diaspóra na hÉireann'?


**(e)** Cén fáth a raibh tábhacht le litreacha ó imircigh do theaghlaigh in Éirinn sna 1800idí?
Bain úsáid as fianaise as **Foinse 1** agus/nó as **Foinse 2** chun tacú le do fhreagra.

**(f)** Cén fáth a bhfuil tábhacht le litreacha ó imircigh do staraithe sna 2000idí?
Bain úsáid as fianaise as **Foinse 1** agus/nó as **Foinse 2** chun tacú le do fhreagra.

**Ceist 6**

Baineann an cheist seo le saol na mban i sochaí na hÉireann san fhichiú haois.
Scrúdaigh an graf thíos agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

**Foinse 1**: Léirítear sa ghraf seo líon na dTeachtaí Dála (TDanna) i nDáil Éireann in eatraimh 10 mbliana, 1918-1998.




**(a)** In 1978, cén líon Teachtaí Dála a bhí i ngach catagóir thíos?

| | |
|---|---|
| Líon na dTeachtaí Dála arbh fhir iad: | |
| Líon na dTeachtaí Dála ar mhná iad: | |
| Líon iomlán na dTeachtaí Dála: | |

**(b)** An bealach maith é graf, ar nós **Foinse 1**, chun sonraí ón stair a chur i láthair? Mínigh do fhreagra.

**Foinse 2**: Sonraí gearra maidir leis an méid a bhain seisear ban amach sa pholaitíocht san fhichiú haois in Éirinn.

| | | |
|---|---|---|
|  | **Máire Geoghegan-Quinn** (r. 1950): Ba í an dara bean í a ceapadh ina haire nuair a ceapadh mar Aire Gaeltachta í in **1979**. Níos deireanaí, bhí sí ina hAire Dlí agus Cirt agus ina Coimisinéir AE de chuid na hÉireann. | **2** |
|  | **Mary Harney** (r. 1953): I mí an Mheithimh **1997**, ba í an chéad bhean í a ceapadh mar Thánaiste. Ba í an chéad bhean í a bhí mar cheannaire ar pháirtí polaitíochta sa Dáil. Bhí sí ina hAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus ina hAire Sláinte. | |
|  | **Nan Joyce** (1940-2018): San olltoghchán i mí na Samhna **1982**, bhí sí ar an gcéad duine den lucht siúil a sheas i dtoghchán chun na Dála. Fuair sí 581 vóta ach níor bhuaigh sí suíochán. Dhírigh sí aird san fheachtas ar cheisteanna maidir le ceartas agus cearta daonna. | |
|  | **An Chuntaois Markievicz** (1868-1927): Bhí sí ar an gcéad bhean a toghadh chuig Westminster in olltoghchán 1918. Ba í an t-aon bhean amháin í a bhí ina Teachta Dála sa chéad Dáil agus an chéad bhean a bhí ina haire nuair a ceapadh mar Aire Saothair í in **1919**. | |
|  | **Máire Mhic Giolla Íosa** (r. 1951): Toghadh í mar an dara bean a bhí ina huachtarán ar Éirinn, i mí Dheireadh Fómhair **1997**, agus ba í an chéad uachtarán í as Tuaisceart Éireann. Chuir sí ceisteanna chun cinn a bhain le ceartas, ionchuimsiú sóisialta agus frithsheicteachas. | |
|  | **Máire Mhic Róibín** (r. 1944): Mar sheanadóir di agus mar abhcóide, bhain sí leasuithe sóisialta amach, díchoiriúlú na homaighnéasachta ina measc. Toghadh í in **1990** mar an chéad bhean a bhí ina huachtarán ar Éirinn. Bhí sí ina hArd-Choimisinéir um Chearta Daonna de chuid na Náisiún Aontaithe níos déanaí. | |

**(c)** Cuir isteach na huimhreacha 1, 3, 4, 5 agus 6 sa cholún ar dheis chun éachtaí polaitiúla an tseisear ban a chur in ord cróineolaíoch, ag tosú leis an gceann is luaithe.

**(d)** Cérbh iad an chéad bheirt bhan a bhí mar airí i rialtais de chuid na hÉireann, agus cé mhéad bliain a bhí idir a gceapacháin mar aire?

| |
|---|
| An chéad bhean a bhí ina haire: |
| An dara bean a bhí ina haire: |
| An líon blianta idir a gceapacháin: |

**(e)** Ainmnigh éacht polaitiúil **amháin** a bhain Nan Joyce amach, de réir **Fhoinse 2.**

**(f)** Déan cur síos ar athruithe móra a tháinig ar shaol na mban in Éirinn san fhichiú haois i **gceann amháin nó níos mó** de na réimsí seo a leanas:

- Oideachas
- Spórt/caitheamh aimsire
- Saol an teaghlaigh/an saol sa bhaile
- Fostaíocht/obair lasmuigh den bhaile

**Ceist 7**

Freagair na ceisteanna seo a leanas a bhaineann leis an gCogadh Fuar.

**(a)** Tá ceann amháin de na téarmaí sa liosta thíos meaitseáilte le míniúchán sa tábla. Meaitseáil **ocht** dtéarma eile le míniúcháin sa tábla thíos.

- Armrás
- Imshuí
- Caipitleachas
- Cumannachas
- Srianadh
- Détente
- Teoiric an domanó
- Bloc an Oirthir
- an Cuirtín Iarainn
- Teoiric MAD
- Sárchumhachtaí
- Bloc an Iarthair

| | | |
|---|---|---|
| 1. | An téarma a úsáidtear mar chur síos ar SAM agus APSS i ndiaidh an Dara Cogadh Domhanda de bharr a gceannais mhíleata agus pholaitiúil i ngnóthaí an domhain. | |
| 2. | An téarma a úsáidtear mar chur síos ar an ngrúpa tíortha a bhfuil SAM mar cheannaire orthu. | |
| 3. | An téarma a úsáidtear mar chur síos ar an ngrúpa tíortha a bhfuil APSS mar cheannaire orthu. | |
| 4. | Córas ina bhfuil gach gnólacht, réadmhaoin agus maoin faoi cheannas an stáit. | |
| 5. | Córas ina gceadaíonn úinéireacht phríobháideach ar ghnólachtaí, réadmhaoin agus maoin. | |
| 6. | An cur síos a rinne Winston Churchill ar an deighilt idir an tOirthear agus an tIarthar in 1946. | |
| 7. | An tuairim dá n-iompódh tír amháin ar an gcumannachas, go ndéanfadh tíortha in aice láimhe amhlaidh go luath. | |
| 8. | Polasaí Meiriceánach a raibh sé mar chuspóir leis stop a chur le leathadh an chumannachais. | |
| 9. | Cosc a chur le gluaiseacht daoine, earraí agus trealaimh isteach i limistéar ar leith nó amach as. | |
| 10. | Comórtas idir dhá thaobh contrártha ar mhaithe le níos mó arm agus airm níos fearr a bheith acu. | |
| 11. | Comhdhíothú dearbhaithe: an tuairim gur chabhraigh airm núicléacha le cosc a chur leis an gcogaíocht toisc go ndéanfaí an dá thaobh a scriosadh. | **Teoiric MAD** |
| 12. | Maolú nó feabhas ar chaidreamh idir an tOirthear agus an tIarthar. | |

**Foinse 1**: Leathanach tosaigh greannáin do pháistí scoile Meiriceánacha, 1960.




Úsáideann cartúnaithe siombailí chun bríonna a chur in iúl ina gcuid cartún.

Siombailí a úsáidtear sa chartún seo:

- An cnoc oighir dearg
- An casúr agus an corrán
- Na leaca uaighe
- An bád ag iompar "Uncail Sam"

**(b)** Tá ceann amháin de na siombailí ar an liosta thuas meaitseáilte lena brí sa bhosca thíos. Meaitseáil na siombailí eile lena mbríonna sa bhosca thíos.

| | |
|---|---|
| Tá SAM á gcur in iúl le | |
| Tá APSS á chur in iúl le | an casúr agus an corrán |
| Tá an cumannachas á chur in iúl le | |
| Tá tíortha faoin gcumannachas á gcur in iúl le | |

**(c)** Cén dearcadh i leith an chumannachais a bhí ag an ealaíontóir a tháirg *An Cnoc Oighir Dearg*? Cuir tic (✓) le **ceann amháin** díobh seo a leanas:

Ar son an chumannachais ☐ I gcoinne an chumannachais ☐ Neodrach ☐

Tabhair **dhá** chúis le do fhreagra, bunaithe ar fhianaise ó **Fhoinse 1**.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**(d)** Ainmnigh duine, ceist nó imeacht **amháin** a bhaineann leis an gCogadh Fuar.
Mínigh conas a chuir an duine, an cheist nó an t-imeacht sin leis an teannas le linn an Chogaidh Fhuair.

| Ainm an duine, na ceiste, nó an imeachta: |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 8**

Freagair na ceisteanna seo a leanas a bhaineann le patrún athraithe thar thréimhsí ama éagsúla maidir leis an saol agus an tsochaí.

**(a)** Ainmnigh an téama a ndearna tú staidéar air a léiríonn patrún athraithe thar thréimhsí ama éagsúla.

| |
|---|
| |
| |

**(b)** Sainaithin foinse phríomha a d'fhéadfaí a úsáid chun teacht ar fhianaise ar an téama a roghnaigh tú. Cén t-eolas atá le fáil san fhoinse seo faoin téama a roghnaigh tú?

| |
|---|
| Foinse: |
| Eolas: |
| |
| |

**(c)** Déan cur síos ar na príomhathruithe a tharla ag na hamanna éagsúla sa téama a roghnaigh tú?

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

(Leanann an bosca freagraí ar aghaidh ar an gcéad leathanach eile)

| (Ar lean): |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**(d)** Cé acu de na hathruithe a ndearna tú cur síos orthu i gcuid **(c)** a rinne an difríocht ba shuntasaí, dar leat, do shaol na ndaoine? Tabhair cúiseanna le do fhreagra.

| Athrú: |
|---|
| Cúiseanna: |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

Spás roghnach scríbhneoireachta: lipéadaigh an obair ar fad go soiléir le huimhir agus cuid na ceiste.

Spás roghnach scríbhneoireachta: lipéadaigh an obair ar fad go soiléir le huimhir agus cuid na ceiste.

Spás roghnach scríbhneoireachta: lipéadaigh an obair ar fad go soiléir le huimhir agus cuid na ceiste.

Spás roghnach scríbhneoireachta: lipéadaigh an obair ar fad go soiléir le huimhir agus cuid na ceiste.

Spás roghnach scríbhneoireachta: lipéadaigh an obair ar fad go soiléir le huimhir agus cuid na ceiste.

**Admhálacha**


lch 4 Pointí curtha in oiriúint as Lisa Shortall, *Hidden Treasures – Using archives to explore local history*, ar fáil ag https://www.youtube.com/watch?v=457sWgsNzI0&t=29s (Léite: 22/12/22).
íomhá curtha in oiriúint as bróisiúr Chartlann Uíbh Fhailí, ar fáil ag https://www.offalyhistory.com/wp-content/uploads/2021/01/Offaly-Archives-Brochure.pdf (Léite: 11/11/2024).

lch 5 https://x.com/offalyarchives/status/1330193557219651584/photo/1
https://www.youtube.com/watch?v=PLloAc8Dzc0
https://x.com/offalyarchives/status/1415702309439475723/photo/1
https://x.com/offalyarchives/status/1317073637057449985/photo/1
https://x.com/offalyarchives/status/1338466377288527872/photo/1
https://x.com/offalyarchives/status/1651959200392650758/photo/1 (Léite: 10/11/2024).

lch 6 Íomhá as Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Contae Uíbh Fhailí, *Offaly & the Rising, an Educational Resource*, (Tulach Mhór, 2016).

lch 9 Sliocht curtha in oiriúint as R. Dudley Edwards, "Letter-Book of Sir Arthur Chichester, 1612-1614", *Analecta Hibernia*, uimh. 8 (1938).

lch 10 Léarscáil curtha in oiriúint as https://niarchive.org/trails/plantation-rewriting-the-story/img/plantation/mercers-company.jpg (Léite: 10/02/24).

lch 12 Isaac Cruikshank*, French Happiness, English Misery*, 1793, ar fáil ag https://www.loc.gov/resource/ppmsca.05421/ (Léite: 04/04/24).

lch 15 Sliocht curtha in oiriúint as litir, Mary Garvey, chuig a máthair, 24Deireadh Fómhair 1850, ar fáil ag https://rucore.libraries.rutgers.edu/rutgers-lib/3434/ (Léite: 08/02/24).

lch 16 James Brenan, *News from America* by, 1875, ar fáil ag https://crawfordartgallery.ie/james-brenan-news-from-america-1875/ (Léite: 08/02/24).

lch 18 Sonraí i ngraf as https://en.wikipedia.org/wiki/List_of_female_members_of_Dáil_Éireann (Léite: 24/03/24).

lch 19 Íomhánna as: https://stillslibrary.rte.ie/indexplus/image/2213/080.html
http://www.movementhealth2030.com/en/advisors/mary-harney
https://www.rte.ie/archives/2017/1121/921778-traveller-activist-nan-joyce/
https://www.historyireland.com/100-years-ago-countess-markievicz-appointed-minister-for-labour/
https://www.marymcaleese.com/portfolio
https://www.womensmuseumofireland.ie/exhibits/mary-robinson (Léite: 24/03/24).

lch 22 *The Red Iceberg* as https://shec.ashp.cuny.edu/items/show/661 (Léite: 03/03/2024).

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú Deiridh na Sraithe Sóisearaí – Comhleibhéal

# Stair

Dé hAoine 6 Meitheamh

Maidin 9:30 – 11:30